



A hAon, A Dó, A Trí
(1,2,3)

1. Déan ciorcal leis na páistí.

2. Cuir na focail Ghaeilge agus na gluaiseachtaí don chluiche seo in aithne do na páistí (hands = lámha, feet = cosa, shoes = bróga, up and down = suas agus síos, out and in = amach agus isteach, one, two, three = a haon, a dó, a trí)

3. Téigh tríd gach gluaiseacht leis na páistí agus ansin cuir 'a haon, a dó, a trí' ag deireadh gach uile gluaiseacht. Úsáid do chuid méara nuair atá tú ag comhaireamh go dtí trí leis na páistí i.e. 'lámha suas, a haon, a dó, a trí', 'cosa amach, a haon, a dó, a trí'.

4. Déan é seo go dtí go bhfuil na lámha agus na cosa curtha suas, síos, amach agus isteach agat leis na páistí.

5. Tabhair bualadh bos do na páistí ag an deireadh.




Síneadh & Bog!

1. Déan ciorcal leis na páistí.

2. Cuir na focail Ghaeilge agus na gluaiseachtaí don chluiche seo in aithne do na páistí (lámha = hands, cosa = feet, suas = up, síos = down, amach = out, isteach = in, léim = jump, suí síos = sit down)

3. Cuir an t-amhrán 'Audiosphere – My Funny Friends' ar siúl agus téigh tríd gach gluaiseacht leis na lámha agus na cosa go dtí go bhfuil siad ar fad déanta agat, mar shampla lámha suas agus lámha síos, cosa suas agus cosa síos'

4. Ag deireadh an amhráin cuir na páistí ina suí síos i gciorcal agus téigh tríd na focail Ghaeilge arís.



Ciúb na Mothúcháin

1. Líon an ciúb leis na cártaí a bhfuil na mothúcháin orthu.

2. Cuir na páistí ina suí síos agus téigh tríd gach mothúchán leo
(áthas = happy, brón = sad,
fearg = mad, iontas = surprised,
sceitimíní = excited, imní = worried).

3. Le gach mothúchán cuir ceist ar na páistí 'cén sort aghaidh a dhéanann tú leis an mothúchán seo?' mar shampla nuair atá áthas ort tá meangadh gáire ort. Déan é seo leis na mothúcháin uilig.

4. Críochnaigh suas leis an amhrán 'Má Tá Áthas Ort (If You're Happy and You Know It)' atá scríofa ar an gcéad chárta eile.



Amhrán: Má Tá Áthas Ort

Liricí


Má tá áthas ort, buail do bhosa
Má tá áthas ort, buail do bhosa
Má tá áthas ort, buail do bhosa, buail do bhosa
Má tá áthas ort, buail do bhosa

Má tá áthas ort, buail do chosa
Má tá áthas ort, buail do chosa
Má tá áthas ort, buail do chosa, buail do chosa
Má tá áthas ort, buail do chosa

Má tá áthas ort, ordóg suas
Má tá áthas ort, ordóg suas
Má tá áthas ort, ordóg suas, ordóg suas
Má tá áthas ort, ordóg suas


Má tá áthas ort, hip hip hurá
Má tá áthas ort, hip hip hurá
Má tá áthas ort, hip hip hurá, hip hip hurá
Má tá áthas ort, hip hip hurá

(buail do bhosa = clap your hands,
buail do chosa = bang your feet,
ordóg suas = thumbs up)



An Ciorcal Mata


1. Cuir na páistí i ngrúpaí beaga agus cuir ina suí síos i gchiorcal iad. Is féidir húlaihúp a úsáid má tá siad agat agus na páistí ina suí síos timpeall ar an húlaihúp.
2. Leag síos na cártaí a bhfuil na huimhreacha 1-5 scríofa orthu taobh istigh den chiorcal/húlaihúp.
3. I ngach chiorcal leag síos 15 nasc daite agus tabhair cúnamh do na páistí na naisc a mheaitseáil leis na huimhreacha, mar shampla cárta uimhir 4 - cuir ceithre nasc ar an gcárta sin.
4. Déan é seo go dtí go bhfuil na naisc ar fad ar na cártaí ceart. Tá sé tábhachtach comhoibriú a spreagadh leis an gcluiche seo.



BÍP!!

Meaitseáil an Dath

1. Déan ciorcal leis na páistí. Siúil timpeall an chiorcail leis an mála a bhfuil na nasc daite istigh ann.
2. Téigh timpeall go dtí gach páiste agus tabhair seans dóibh an dath is maith leo a roghnú don chluiche. Caithfidh na páistí an dath atá roghnaithe acu a rá amach os ard i nGaeilge.
3. Ansin leag síos na mataí daite ar an urlár ar fud an tseomra.
4. Cuir 'Digifffects Sound Effects Library – Small Clock Ticking Fast' ar siúl nó aon sórt fuaime le tic toc ann. Abair leis na páistí a bheith an-chiúin agus éisteacht go dtí go gcloiseann siad an t-aláram.
5. Ansin cuir 'Digifffects Sound Effects Library – Alarm Clock or Timer Buzz Version 4' ar siúl nó aon sórt fuaime atá cosúil le haláram. Nuair a chloiseann tú an t-aláram tabhair cúnamh do na páistí na naisc atá acu a mheaitseáil leis an mata daite ceart.
6. Déan é seo cúpla uair leis na páistí, ag fáil níos sciobtha tar éis gach ceann.



Na Málaí Te


1. Déan ciorcal leis na páistí.
Ag seasamh nó ina suí síos.

2. Leag húláhúp/mata daite nó aon rud ciorclach i lár an chiorcail atá déanta agat leis na páistí.

3. Cuir aon sórt ceoil ar siúl agus pasáil na málaí daite timpeall an chiorcail.

4. Nuair a stopann an ceol caithfidh an páiste a bhfuil an mála daite acu triail é a chaitheamh isteach go dtí an húláhúp/mata daite atá i lár an chiorcail.

5. Déan é seo go dtí go mbeidh na málaí daite ar fad úsáidte agat. Athraigh an treo atá na málaí ag dul timpeall an chiorcail gach uair le déanamh cinnte go bhfuil seans ag gach páiste an mála daite a fháil.



Na Málaí Ceoil

1. Déan ciorcal leis na páistí agus tabhair mála daite do gach páiste.
2. Leag amach na mataí daite atá agat ar fud an tseomra.
3. Cuir aon sórt ceoil ar siúl agus cuir na páistí ag damhsa leis an gceol.
4. Nuair a stopann an ceol, abair dath amach os ard agus tabhair cúnamh do na páistí na málaí daite a fhágáil ar an mata daite sin.
5. Déan é seo go dtí go mbeidh na dathanna ar fad atá ar na mataí ráite agat.